Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2019
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0280(COD)**

**7986/19**
**ADD 1 REV 2**

**CODEC 814**
**PI 61**
**RECH 196**
**EDUC 183**
**COMPET 290**
**AUDIO 54**
**CULT 59**
**DIGIT 66**
**TELECOM 152**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**<u>Ráiteas comhpháirteach ón Ísiltír, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón Iodáil agus ón bhFionlainn</u>**

Ba iad cuspóirí na Treorach seo dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú agus nuálaíocht, cruthaitheacht, infheistíocht agus táirgeadh ábhair nua sa timpeallacht dhigiteach a spreagadh. Tacaíonn na sínitheoirí leis na cuspóirí sin. Tá an bealach a ndéantar ábhar a tháirgeadh, a dháileadh agus a rochtain athraithe as cuimse leis na teicneolaíochtaí digiteacha. Ní mór go léireofaí agus go dtreorófaí na hathruithe sin sa chreat reachtach.

Is é an tuairim againne, áfach, nach leordhóthanach téacs deiridh na Treorach chun na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach. Creidimid gur céim siar seachas chun cinn don Mhargadh Aonair Digiteach í an Treoir mar atá sí faoi láthair.

Is oth linn go háirithe nach bhfuil an chothromaíocht cheart sa Treoir idir cosaint sealbhóirí cirt agus leasanna shaoránaigh agus chuideachtaí an Aontais. Tá an baol ann mar sin go gcuirfí bac ar an nuálaíocht seachas í a chur chun cinn agus go n-imreofaí tionchar diúltach ar iomaíochas Mhargadh Aonair Digiteach na hEorpa.

Anuas ar an méid sin, braithimid go bhfuil an Treoir ar easpa soiléireacht dhlíthiúil, go gcothófar éiginnteacht dhlíthiúil léi do mhórán páirtithe leasmhara lena mbaineann agus go bhféadfaí cúngú ar chearta shaoránaigh an Aontais.

Dá bhrí sin ní féidir linn toiliú don téacs atá molta don Treoir seo.

**<u>Ráiteas ón Eastóin</u>**

Thacaigh an Eastóin i gcónaí le cuspóir na Treorach, mar atá rochtain níos fearr ar ábhar ar líne, feidhmiú príomheisceachtaí sa timpeallacht dhigiteach agus trasteorann agus feidhmiú níos fearr agus cothrom an mhargaidh cóipchirt.

Measann an Eastóin, áfach, nach bhfuil cothromaíocht bainte amach i dtéacs críochnaitheach na Treorach idir leasanna éagsúla i ngach gné.

Thairis sin, bhí toghcháin pharlaiminteacha ag an Eastóin le déanaí agus níl an rialtas nua agus an pharlaimint nua in ann a seasamh ar an téacs comhréitigh deiridh a thabhairt.

**<u>Ráiteas ón nGearmáin</u>**

1. Aontaíonn Rialtas Cónaidhme na Gearmáine leis an Treoir atá beartaithe maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) sa leagan a leagtar amach i gcomhréiteach tríthaobhach an 13 Feabhra 2019, toisc go mbaintear amach leis an athchóiriú ina iomláine coigeartuithe a bhfuil géarghá leo ar an seanchreat dlíthiúil Eorpach, amhail na forálacha maidir le mianadóireacht téacsanna agus sonraí, saothar nach bhfuil ar fáil ar bhonn tráchtála agus dlí na gconarthaí do thaibheoirí.

2. Ag an am céanna, is oth le Rialtas Cónaidhme na Gearmáine nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le coincheap do fhreagracht chóipchirt na n-ardán uaslódála a mbeadh na páirtithe uile in ann tacú leis i gcoitinne. Tá comhdhearcadh forleathan ann gur cheart do lucht na n-ealaíon tairbhe a bhaint as úsáid a n-ábhair ar ardáin uaslódála. Mar sin féin, tá an-amhras ar phobal na Gearmáine agus cáineadh ag teacht uathu go forleathan faoin oibleagáid, ach go háirithe, dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Treoir lena n-áirithítear 'gan taispeáint arís' (stay down) buan an ábhair faoi chosaint agus na réiteach bunaithe ar algartam ('upload filters') ar dócha iad a bheith á n-úsáid sa chomhthéacs seo. Leis an vóta a caitheadh i bParlaimint na hEorpa ar an 26 Márta 2019, léiríodh freisin go raibh bearna ollmhór idir lucht tacaíochta na treorach agus lucht a cáinte.

3. Tá ár n-iarrachtaí dírithe ar thaibheoirí, ar údair agus, i ndeireadh na dála, ar lucht uile na n-ealaíon a bhaineann úsáid, mar a bheifeá ag súil leis, as na huirlisí nua sin a chuireann an digitiú agus an nascacht ar fáil don saothar cruthaitheach. Ar ndóigh, níl Rialtas Cónaidhme na Gearmáine ag ceistiú gur gá saothar cruthaitheach ar an idirlíon a chosaint agus gur gá a áirithiú go bhfaighidh lucht na n-ealaíon íocaíocht leordhóthanach don saothar úd.

4. Faoi Airteagal 17(10), éilítear ar an gCoimisiún idirphlé a chur ar bun leis na grúpaí leasmhara ar fad lena mbaineann d'fhonn treoirlínte a fhorbairt do chur i bhfeidhm Airteagal 17. Iarrtar go sainráite leis an bhforáil go gcoinneofaí cothromaíocht idir cearta bunúsacha agus an fhéidearthacht inneachar cosanta a úsáid ar ardáin uaslódála faoi chuimsiú údaraithe dlíthiúla. Glacann Rialtas Cónaidhme na Gearmáine leis mar sin go bhfuil an t-idirphlé sin bunaithe ar na nithe seo a leanas: íocaíocht leordhóthanach a chinntiú do lucht na n-ealaíon, 'upload filters' (scagairí uaslódála) a chosc nuair is féidir, saoirse tuairimí a nochtadh a áirithiú agus cearta na n-úsáideoirí a chosaint. Glacann Rialtas Cónaidhme na Gearmáine leis go ndéanfar comhaontú san idirphlé seo i ndáil le cur chun feidhme aonfhoirmeach ar fud an Aontais, mar nach luíodh sé le prionsabail Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach dá gcuirfí chun feidhme ar bhealach scoilte í, le 27 leagan náisiúnta. Ar bhonn an dearbhaithe seo, beidh Rialtas Cónaidhme na Gearmáine rannpháirteach san idirphlé seo.

5. Áit ar bith a mbainfear úsáid as réitigh theicniúla i dtaca leis sin, caithfear cloí le ceanglais cosanta sonraí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus ba cheart don Aontas forbairt na dteicneolaíochtaí foinse oscailte le comhéadain oscailte (APIanna) a spreagadh. Déantar trédhearcacht a ráthú le bogearraí foinse oscailte agus áirithítear idir-inoibritheacht agus caighdeánú le comhéadain oscailte. Féadfaidh sin cosc a chur ar ardáin le ceannasacht sa mhargadh a gcumhacht mhargaidh a chomhdhlúthú a bhuí don teicneolaíocht scagadh seanbhunaithe atá acu. Ag an am céanna, ní mór don Aontas coincheapa a fhorbairt lena gcuirfear i gcoinne clár cóipchirt *de facto* a bheith i lámha na n-ardán ceannasach bhíthin nósanna imeachta poiblí agus trédhearcacha um fhógra a thabhairt.

6. Ar an gcéad dul síos, ní mór aghaidh a thabhairt ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 2(6) den Treoir agus iad a shoiléiriú, ós rud é go bhfuil na rialacha dírithe ar na hardáin sin amháin a bhfuil ceannasacht acu sa mhargadh agus a chuireann líon mór uaslódálacha faoi chosaint cóipchirt ar fáil agus a bhfuil a múnla gnó tráchtála bunaithe ar an gcleachtas sin, i.e. Seirbhísí amhail YouTube nó Facebook. Ag an am céanna, soiléireoimid nach ardáin de réir bhrí Airteagal 17 iad seirbhísí amhail Vicipéid, taisclanna ollscoileanna, blaganna agus fóraim, ardáin bogearraí amhail Github, tairiscintí sainspéise nach bhfuil aon nasc acu leis an tionscal cruthaitheach, seirbhísí teachtairí amhail WhatsApp, tairseacha díolacháin nó néalseirbhísí. Ina theannta sin áiritheoimid díolúine do ghnólachtaí nuathionscanta.

7. Thairis sin, is léir gur cheart d'ardáin uaslódála a bheith ar fáil go leanúnach mar bhealaí cumarsáide saor agus gan chinsireacht don tsochaí shibhialta amach anseo. Sonraíonn Airteagal 17(7) agus (8) i dtaca leis sin nár cheart do bhearta cosanta bac a chur le húsáid ceadaithe an ábhair faoi chosaint. Táimid tiomanta go háirithe dó seo de bharr go dtugtar tús maith do lucht na n-ealaíon le hardáin uaslódála, lenar féidir leo dul i gcion ar lucht spéise ar fud an domhain gan foilsitheoir ná lipéad ceoil.

8. Ní mór go ndíreofaí, mar aidhm, ar ionstraim an scagaire uaslódála a dhéanamh iomarcach den chuid is mó. Ní mór prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh le gach sásra 'gan taispeáint arís' (an scagaire uaslódála) . D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh faoi ráthaíochtaí nós imeachta, go háirithe, mar shampla, i gcás ina dtugann úsáideoirí fógra go bhfuil ábhar ó thríú tíortha a uaslódáil acu go dleathach. Sna cásanna sin, ní fhéadfaí an t-ábhar a scriosadh go huathoibríoch - chaithfeadh duine é a sheiceáil ar dtús. Ag an am céanna, ba cheart úinéireacht aon ábhair nach mór a bhaint a bheith cruthaithe a dhóthain, murar rud é go dtagann an fhaisnéis ó fhoinse iontaofa. I ngach cás, ní mór do na hardáin rochtain éasca ar shásra gearáin a ráthú chun go bhféadfaí cásanna conspóideacha a réiteach go héifeachtach agus chomh gasta agus is féidir.

9. Chomh maith leis sin, ceadaítear ábhar faoi chosaint ar ardáin uaslódála i gcás cáinte nó athbhreithnithe, scigphictiúr, scigaithrise nó paistísí, nó fiú i gcomhthéacs na bacainne ar shleachta, agus ceadaítear sin saor in aisce. I gcásanna mar sin, ní bhainfidh caillteanas eacnamaíoch le sealbhóir an chirt ar aon chuma. I gcás gach úsáid eile, ba cheart ceadúnais, más ann dóibh, a bheith ar fáil do hardáin, gan mórán stró agus ar tháille chothrom. Scrúdóimid anois mar a bhféadfaí rannpháirtíocht chothrom lucht na n-ealaíon a ráthú ó thaobh an ioncaim ceadúnais, trí éilimh íocaíochta díreacha, lena n-áirítear sna cásanna sin ina bhfuil cearta eisiacha ag an lipéad, ag an bhfoilsitheoir nó ag an léiritheoir. Ní mór luach saothair iomchuí a ráthú d'ábhar nua ar bith a chruthaítear ar ardáin uaslódála agus a úsáidtear chun críocha tráchtála. Thar aon ní eile, caithfidh na fáltais a thagann as aon úsáid a bhaintear as ardáin uaslódála atá inmhianta ar chúiseanna polaitiúla dul chuig lucht na n-ealaíon féin.

10. Is é is aidhm le hAirteagal 17 airgead a ghnóthú ar an úsáid a bhaintear as ábhar faoi chosaint ar ardáin uaslódála agus luach saothair iomchuí, cothrom a áirithiú d'údair agus do na thaibheoirí. Tá an cuspóir céanna ag Rialtas Cónaidhme na Gearmáine. Roghnaíodh ceadúnú mar mhodh chun an méid sin a fhíorú sa chomhréiteach Eorpach. Foráiltear le hAirteagal 17(4) nach mór na hiarrachtaí is fearr a bheith déanta ag na hardáin uaslódála na ceadúnais a fháil chun go gcomhlíonfar na freagrachtaí atá orthu. Beidh an méid sin ríthábhachtach ó thaobh cur chun feidhme na forála sin. Caithfear teacht ar réitigh indéanta chun ceadúnais a fháil. Cé nach féidir ceanglais atá míréasúnta i gcleachtais a fhorchur ar ardáin, ní mór a áirithiú go mbeadh na hiarrachtaí a dhéanfar chun ceadúnais a fháil nasctha le tairiscintí cothroma ar luach saothair.

11. Chun go bhféadfaí an tsaincheist seo a réiteach - sé sin, an bealach inar féidir ceadúnais a thabhairt i gcrích, a mhéid is féidir, don ábhar uile ar ardáin uaslódála - foráiltear faoi dhlí an chóipchirt do chuid mhór sásraí eile le cois ceadúnú aonair traidisiúnta (e.g. eisceachtaí agus teorainneacha, agus b'fhéidir iad comhcheangailte le cearta luacha saothair; an rogha cearta eisiacha a aistriú go cearta luacha saothair; an oibleagáid conarthaí a thabhairt i gcrích ar théarmaí réasúnta; agus rannpháirtíocht chomhlachais ealaíontóirí cruthaitheacha amhail cumainn bhailithe).

12. Scrúdóidh an Rialtas Cónaidhme na samhlacha seo ar fad. Más rud é go mbeidh cuma ar an scéal gur cuireadh srian ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh tríd an bhforáil sin a chur chun feidhme nó más rud é go gcuirfidh bacainní i ndlí an Aontais isteach ar na treoirlínte, déanfaidh Rialtas na Cónaidhme a dhícheall lena áirithiú go gceartófar na heasnaimh a shainaithnítear i ndlí an Aontais maidir le cóipcheart.